***DEONTAIS ARNA bhFÁIL ÓN ROINN OIDEACHAIS LE hAGHAIDH TIONSCADAL TÓGÁLA***

Ní léirítear mar shócmhainní seasta ar Chlár Comhardaithe na scoile cistí a fhaightear/a úsáidtear le haghaidh talún ná foirgneamh, mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfaidh, ná ní mheasfar go dtabharfaidh, aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach ina leith, ná aon leas sa chéanna.”

Is féidir iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú caipitil faoi na catagóirí seo a leanas:

- Tionscadail Mhóra – tionscadail mhórscála atá á seachadadh faoin gclár tógála scoile
- Oibreacha Éigeandála – oibreacha práinneacha ar scoileanna a dteastaíonn acmhainní uathu mar thoradh ar chás éigeandála nó chun athruithe a dhéanamh chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a chuimsiú
- Oibreacha Samhraidh – oibreacha tógála ar scála beag, feabhsúcháin ar fhoirgnimh scoile, is é sin fuinneoga a athsholáthar, deisiúcháin dín srl.
- Cláir Feabhsúcháin – clár feabhsúcháin aispeiste agus an clár feabhsúcháin bainistíochta múscain

***Tabhair do d'aire:*** *I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d’iontaobhaithe agus ó d’iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.*

D’fhéadfadh sé go mbeadh tionscadail chaipitil ar siúl go ceann cúpla mí, mar shampla, oibreacha a dhéantar faoi scéim na n-oibreacha samhraidh, nó go ceann roinnt blianta, mar shampla, foirgneamh nua scoile.

*Is é seo a leanas an cur chuige cuntasaíochta:*

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Tógála Caipitil faighte ón RO | DR | 1800 | Cuntas Bainc Reatha<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3900 | Ioncam Deontais Foirgníochta Caipitil RO<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Dheontas Caipitil Tógála RO a caitheadh | DR | 3940 | Costas Deontais Caipitil Tógála RO<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Bainc Reatha<br>Sócmhainn Reatha |

An bhliain tar éis don tionscadal tógála caipitil a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste tógála.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí chuig costas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Tógála | DR | 3900 | Ioncam Deontais Foirgníochta Caipitil RO<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3995 | Cuntas Ciste Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail tógála caipitil a aistriú chuig an gCiste Tógála | DR | 3995 | Cuntas Ciste Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3940 | Deontas Caipitil Tógála RO Costas Deontais<br>Sócmhainn Reatha |